

Fíricí Suimiúla do Dhaltaí Sóisearacha Bunscoile

Téamh Domhanda



Tá an domhan ag éirí níos teo. Toisc go bhfuil an teocht ag ardú tá leibhéil na farráige ag ardú, tá triomaigh agus tuilte ag éirí níos measa. Is í an Iarmhairt Cheaptha Teasa is cúis leis na hathruithe seo.

Cad is brí leis an Iarmhairt Cheaptha Teasa?

Fástar plandaí i dteach gloine mar atá léirithe sa phictiúr.

Scaoileann an ghloine sa teach gloine an solas agus an teas isteach, ach cuireann stop leis an teas éalú amach.

Gabhann an teach gloine teas. Is áit atá deas te teolaí é.



Tarlaíonn an Iarmhairt Cheaptha Teasa ar an mbealach céanna. Smaoinigh ar an domhan mar a bheadh teach gloine mór.

Tá roinnt gás atá san aer os ár gcóinn cosúil leis an ngloine sa teach gloine.

Gabhann siad fuinneamh na gréine.

Nuair atá iomarca de na gáis sin san aer tosaíonn an pláinéad ag éirí an-te.

Táimid ag déanamh an domhain níos teo ar an bealaí seo a leanas:

- Crainn a leagan.
- Iomarca breosla a dhó
- Iomarca leictreachais a úsáid
- Taisteal i gcarranna, i mbusanna agus in eitleáin

Cad is féidir linn a dhéanamh chun cuidiú leis an bpláinéad?

Athchúrsáil	Crainn a chur	Fuinneamh a chaomhnú	Soilse a mhúchadh
Gearradh siar ar a bheith ag tiomáint	Gearradh siar ar a bheith ag eitilt	Níos lú feola a ithe	Aon smaointe eile?